# An bhfuil sé cothromaithe?

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - comparáid agus ordú, anailís uimhris<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cumarsáid agus cur in iúl - fadhbanna a chuirfí i láthair go nithiúil, go pictiúrtha nó ó bhéal a phlé<br>• Comhtháthú agus nascadh - idéanna matamaiticiúla a shealbhódh sé/sí go neamhfhoirmiúil a cheangal le hidéanna foirmiúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | cothrom, mar an gcéanna, 2 thaobh, coibhéis, cothromaíocht, cothromaigh |
| **Áiseanna** | uimhirmheá, Uirlis Uimhirmheá Mol Mata, sín chothroime ar taispeáint, clár bán, páipéar, peann luaidhe |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Lig do shaorshúgradh le huimhirmheá tarlú.

### 2 Gníomhaíocht 2

Mínigh an coincheap de chothroime mhatamaiticiúil do na daltaí i gcomhthéacs a thuigeann siad: e.g. Tá Mol Mata ag iarraidh foirne a chur le chéile do chluiche. An mbeadh sé ceart go leor dá mbeadh triúr páistí ag Mol Mata ar fhoireann amháin agus beirt ar an bhfoireann eile? Cén fáth nach mbeadh? Mínigh gur rud úsáideach é an uimhirmheá chun a fháil amach an bhfuil rudaí cothrom. Iarr ar na daltaí a thuar cad a tharlóidh don uimhirmheá má chuirim 3 ar thaobh amháin agus 2 ar an taobh eile. Iarr orthu a thuar cén uair a bheidh an uimhirmheá cothromaithe.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cothromóid dhaonna:
Taispeáin an comhartha chothroime do na daltaí ar chlár bán beag/ar spléach-chárta. Ceistigh iad 'An bhfuil a fhios ag duine ar bith cad is ciall leis seo?' Cuir ceithre dhalta i líne agus ceistigh iad cén áit ar féidir linn an comhartha chothroime a chur ionas go bhfuil an líon céanna daltaí ar thaobh amháin agus ar an taobh eile?

### 4 Gníomhaíocht 4

An bhfuil sé cothromaithe?
Roghnaíonn na daltaí uimhir ón mála draíochta agus cuireann siad í ar thaobh amháin den uimhirmheá. Faigheann comhscoláire amach cén uimhir atá ag teastáil chun an uimhirmheá a dhéanamh cothrom agus cuireann sé an uimhir sin ar an uimhirmheá san áit cheart.

### 5 Gníomhaíocht 5

Roghnaíonn na daltaí uimhir ón mála draíochta agus cuireann siad í ar thaobh amháin den uimhirmheá. I mbeirteanna, oibríonn daltaí amach cé mhéad caoi dhifriúil ar féidir an uimhirmheá a dhéanamh cothrom. Míníonn na daltaí an fáth a síleann siad gur réiteach ceart é gach teaglaim. Déanann na daltaí taifead ar na réitigh i líníochtaí agus úsáideann siad an Uirlis Uimhirmheá Mol Mata chun iad a roinnt.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad dalta atá ar thaobh amháin?<br>• Cad iad na huimhreacha a chothromaigh?<br>• An gcothromódh dhá uimhir nach bhfuil mar an gcéanna? | • An gceapann tú go mbeidh an uimhirmheá cothrom fiú má bhogaimid an uimhir ó thaobh amháin?<br>• Dá n-athrófá an uimhir ar thaobh amháin, cad a tharlódh? Cén fáth?<br>• Dá mbeadh ort dhá uimhir a úsáid chun an uimhirmheá a chothromú, cé mhéad teaglaim dhifriúil is féidir leat a aimsiú? Cad é mar a bheadh a fhios agat go mbeadh na teaglamaí difriúla ar fad aimsithe agat?<br>• An bhfuil caíonna eile ann ar féidir leat an uimhirmheá a chothromú? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Méadaigh na luachanna de réir ábaltachta agus/taithí ar ábhair phraiticiúla de réir mar is gá.